



ELEATHANACH 372



DÉ LUAIN, AN 1 FEABHRA, 2021

Caithfidh tú a bheith láidir don chlár teilifíse seo!

Ireland's Fittest Family ar ais arís!

Tá an clár *Ireland's Fittest Family* ar ais ar an teilifís ó thús mhí Eanáir. Bíonn an clár ar siúl gach Domhnach agus bíonn teaghlaigh dhifriúla in iomaíocht lena chéile.

I mbliana, bhí 16 theaghlach sa chomórtas ar dtús. Gach seachtain bíonn orthu rudaí fisiciúla a dhéanamh chun an bua a fháil ar theaghlaigh eile.

Bíonn oiliúnoirí ag cabhrú leis na teaghlaigh agus ag iarraidh iad a spreagadh. Tá baint ag na hoiliúnoirí seo le spóirt. Is iad Davy Fitzgerald, Anna Geary, Derval O'Rourke, agus Donncha O'Callaghan na hoiliúnoirí. Bhí siad go léir ag obair le ceithre theaghlach.

Den chéad uair riamh d'éirigh leis na teaghlaigh go léir a bhí ag obair le hoiliúnoir amháin - Derval O'Rourke - dul tríd go dtí an babhta ceathrú ceannais. An mbeidh an bua acu Dé Domhnaigh?



Someone like me: comórtas ealaíne

Tá Cathal Walsh 12 bhliain d'aois agus bhuaigh sé comórtas ealaíne an tseachtain seo caite. Tá Cathal i rang a sé i scoil i gCionn tSáile, Co. Chorcaí.

Tharraing sé portráid dá dheartháir Harry ag seinm ar an bpianó. D'fhoghlaim Harry conas an pianó a sheinm ó thosaigh an dianghlasáil i mí an Mhárta.

Bhí cúig obráid ag Harry go dtí seo ar a bhéal agus tá Cathal an-bhródúil as. Tá sé an-sásta gur thug an dianghlasáil deis do Harry a bhua ag seinm pianó a fhorbairt.

Ba é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a chuir an comórtas ar bun agus d'fhreastail páistí ó 48 bunscoil ar imeacht ar líne chun an buaiteoir a ainmniú.



Béal mór le fiacla móra!

Ocras fós ar an gcrogall!

Bhí fear ag snámh i loch san Astráil nuair a rug crogall air. Bhí a cheann i mbéal an chrogail! Rug sé ar an gcrogall agus d'oscail sé béal an chrogail lena lámha chun a cheann a shaoradh.

Ansin bhí air snámh ar ais go talamh, ag ceapadh go raibh an crogall ag teacht ina dhiaidh.

Tá rian fiacla an chrogail fós ar lámha agus ar cheann an fhir ach deir siad san ospidéal go mbeidh biseach air go luath. Tá an fear ag súil go mór le bheith ag snámh sa loch arís. Nach é atá cróga?



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilte & Gaelscoláiocht

